Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7825/26**

**DELACT 60**
**VETER 43**
**AGRILEG 71**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 900 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 27.3.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 900 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 900 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.3.2026
C(2026) 900 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27.3.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')[1] leagtar síos rialacha maidir le cosc agus rialú galar, ar in-tarchurtha iad go hainmhithe nó go daoine, lena n-áirítear rialacha maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a chlárú agus a fhormheas, agus rialacha maidir le hinrianaitheacht agus sláinte ainmhithe le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha laistigh den Aontas.

Ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas[2].

Foráiltear le hAirteagail 16 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 go n-áiritheoidh tréidlianna lárionaid agus tréidlianna foirne nach léireoidh ainmhithe bronntacha siomptóim ná comharthaí cliniciúla d'aon ghalar chatagóir D agus nár tuairiscíodh aon cheann de na galair chatagóir D atá ábhartha do bhó-ainmhithe, do mhuc-ainmhithe, d'ainmhithe den chineál caorach nó d'ainmhithe den chineál gabhair sa bhunaíocht tionscnaimh, sa chóiríocht choraintín ná sa lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na dtáirgí geirmeacha. Baineann na ceanglais sin freisin le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh. Le moltaí na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), ní dhéantar foráil, i gcás an dá ghalar sin, maidir leis an gceanglas gan é a bheith tuairiscithe ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na dtáirgí geirmeacha.

Ó thaobh na heipidéimeolaíochta de, is dhá ghalar an-chosúil le chéile iad ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, agus baineann siad leis na speicis liostaithe chéanna. Is galair veicteoir-iompartha iad araon a mbaineann ceanglais shonracha tástála minice leo i gcás ina dtuairiscítear na galair le linn tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, na n-úicítí nó na suthanna i mBallstát nó i gcrios de, nó le linn iad a bheith á mbailiú. Déantar tástáil ar sheamhan ainmhithe bronntacha den speiceas buaibheach, den speiceas caorach agus den speiceas gabhair ag lárionaid bailithe seamhain le haghaidh galair chatagóir D seachas ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh ar bhonn bliantúil den chuid is mó, agus ba cheart tástáil le haghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a dhéanamh gach 7 nó 28 lá ar a laghad i gcás ina dtuairiscítear é i mBallstát nó i gcrios de, i gcás ina n-úsáidtear tástáil sainaitheantais oibreáin, nó idir 28 agus 60 lá ó dháta gach bailithe seamhain i gcás ina n-úsáidtear tástáil shéireolaíoch. Leis an bhfíoras sin, agus leis an ngá le ceanglais an Aontais a ailíniú le moltaí WOAH, tugtar údar le cur chuige difriúil maidir leis an dá ghalar sin i gcomparáid le galair chatagóir D eile atá le tabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686. Dá bhrí sin, an ceanglas nár tuairiscíodh aon chás d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh sa bhunaíocht tionscnaimh, sa chóiríocht choraintín ná sa lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
[2] IO L 174, 3.6.2020, lch. 1.

dtáirgí geirmeacha, ba cheart é a scriosadh, agus leasófar Airteagail 16 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 dá réir.

Le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe den fhine *Camelidae* agus den fhine *Cervidae* go dtí na Ballstáit eile, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh. Déanfar na ceanglais sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair ar ainmhithe bronntacha iad mar a leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, arna leasú leis an Rialachán Tarmligthe seo, agus in Iarscríbhinn II, Cuid 5, Caibidil II a ghabhann leis an Rialachán sin.

I gCuid 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 leagtar síos ceanglais bhreise maidir le sláinte bhreise maidir le heach-ainmhithe bronntacha. I gcomhréir le pointe 1(a)(iii) de Chaibidil I agus pointe 2(c) de Chaibidil II de Chuid 4 den Iarscríbhinn sin, ba cheart each-ainmhithe bronntacha a chur faoi thástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*). I gcomhréir le Lámhleabhar WOAH um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún, Caibidil 3.6.2 maidir le Meitríteas Tógálach Eachaí (leagan Bealtaine 2022), le haghaidh tástáil um Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (PCR), ní cheanglaítear modh iompair a úsáid chun maipíní a iompar chuig an tsaotharlann agus ba cheart na maipíní sin le haghaidh PCR a thástáil tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis na samplála. Dá bhrí sin, leasófar Cuid 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 tríd an oibleagáid maidir le húsáid a bhaint as modh iompair a scriosadh ón modheolaíocht le haghaidh tástáil PCR le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*).

I gCaibidlí II agus III de Chuid 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, leagtar síos ceanglais a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh. Leasófar na ceanglais maidir leis na galair sin agus athchatagóiriú ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ó ghalar chatagóir C+D+E go galar D+E á chur san áireamh, mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón gCoimisiún[3] lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún[4].

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Tionóladh cruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe maidir le Sláinte Ainmhithe (E00930) chun críoch an Rialacháin Tharmligthe seo an 30 Meán Fómhair agus an 4 Samhain 2025.

Cuireadh an dréacht-Rialachán Tarmligthe ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle freisin. Ní bhfuarthas aon bharúil ó Pharlaimint na hEorpa ná ón gComhairle.

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2026 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a mhéid a bhaineann le haicmiú ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) mar ghalar liostaithe (IO L, 2026/169, 27.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/169/oj).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca nach beag ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

Reáchtáladh roinnt malartuithe agus cruinnithe eile le páirtithe leasmhara, chomh maith le húdaráis inniúla na mBallstát inar pléadh spreagthaí agus eilimintí ábhartha maidir le cuspóir agus ábhar an dréachtghnímh tharmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an Rialachán Tarmligthe seo le glacadh faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus go háirithe de bhun Airteagal 160(1) agus 164(2) de.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27.3.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’)[1], agus go háirithe Airteagal 160(1) agus Airteagal 164(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha maidir le cosc agus rialú galar ainmhithe ar in-tarchurtha iad go hainmhithe nó go daoine, lena n-áirítear rialacha maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a chlárú agus a fhormheas, agus rialacha maidir le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha laistigh den Aontas.

(2) Glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún[2] faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis rialacha forlíontacha maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha, coimeád taifead agus inrianaitheacht táirgí geirmeacha a fhormheas, agus ceanglais sláinte agus deimhniúcháin ainmhithe maidir le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe ar coimeád laistigh den Aontas.

(3) Foráiltear le hAirteagail 16 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 go n-áiritheoidh tréidlianna lárionaid agus tréidlianna foirne nach léireoidh ainmhithe bronntacha siomptóim ná comharthaí cliniciúla d’aon ghalar chatagóir D agus nár tuairiscíodh aon cheann de na galair chatagóir D atá ábhartha do bhó-ainmhithe, do mhuc-ainmhithe, d’ainmhithe den chineál caorach nó d’ainmhithe den chineál gabhair sa bhunaíocht tionscnaimh, sa chóiríocht choraintín ná sa lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na dtáirgí geirmeacha. Baineann na ceanglais sin freisin le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh. Le moltaí na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), ní dhéantar foráil, i gcás

---

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/2019-12-14.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/686/2023-04-10).

an dá ghalar sin, maidir leis an gceanglas gan é a bheith tuairiscithe ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na dtáirgí geirmeacha.

(4) Ó thaobh na heipidéimeolaíochta de, is dhá ghalar an-chosúil le chéile iad ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, agus baineann siad leis na speicis liostaithe chéanna. Is galair veicteoir-iompartha iad araon a mbaineann ceanglais shonracha tástála minice leo i gcás ina dtuairiscítear na galair le linn tréimhse 60 lá ar a laghad roimh bhailiú an tseamhain, na n-úicítí nó na suthanna i mBallstát nó i gcrios de, nó le linn iad a bheith á mbailiú. Déantar tástáil ar sheamhan ainmhithe bronntacha den speiceas buaibheach, den speiceas caorach agus den speiceas gabhair ag lárionaid bailithe seamhain le haghaidh galair chatagóir D seachas ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh ar bhonn bliantúil den chuid is mó, agus ba cheart tástáil le haghaidh ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a dhéanamh gach 7 nó 28 lá ar a laghad i gcás ina dtuairiscítear é i mBallstát nó i gcrios de, i gcás ina n-úsáidtear tástáil sainaitheantais oibreáin, nó sa tréimhse idir 28 agus 60 lá ó dháta gach bailithe seamhain i gcás ina n-úsáidtear tástáil shéireolaíoch. Leis an bhfíoras sin, agus leis an ngá le ceanglais an Aontais a ailíniú le moltaí WOAH, tugtar údar le cur chuige difriúil maidir leis an dá ghalar sin i gcomparáid le galair chatagóir D eile atá le tabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686. Dá bhrí sin, an ceanglas nár tuairiscíodh aon chás d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh sa bhunaíocht tionscnaimh, sa chóiríocht choraintín ná sa lárionad bailithe seamhain ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na dtáirgí geirmeacha, ba cheart é a scriosadh agus ba cheart Airteagail 16 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a leasú dá réir.

(5) Ina theannta sin, san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún[3], arna leasú le déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón gCoimisiún[4], déantar ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a athchatagóiriú mar ghalar chatagóir D+E, nuair a rinneadh é a chatagóiriú roimhe sin mar ghalar chatagóir C+D+E. Tá feidhm ag an leasú sin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón 15 Iúil 2026. Mar thoradh ar an athchatagóiriú sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/xx ón gCoimisiún [PLEAN/1924/2025][5], leasaíodh na rialacha maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a bhaineann le stádas oifigiúil saor ó ghalair nó le cláir dhíothaithe, lena n-áirítear na ceanglais maidir le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ar theacht isteach i mBallstát saor ó ghalair dóibh nó i gcrios de, nó isteach i mBallstát atá faoi réir clár díothaithe a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, Roinn 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón

---

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca nach beag ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2026 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a mhéid a bhaineann le haicmiú ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) mar ghalar liostaithe (IO L, 2026/169, 27.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/169/oj).

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/xx ón gCoimisiún an xx xxx 2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a mhéid a bhaineann le cláir dhíothaithe maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1 – 24) agus stádas saor ó ghalair (IO L xx, xx.xx.2026, lch. xx, ELI: xxx [PLEAN/1924/2025]; C(2026)903)

gCoimisiún[6] agus in Iarscríbhinn V, Cuid II, a ghabhann leis. Beidh feidhm ag na leasuithe sin ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón 15 Iúil 2026. Dá bhrí sin, na ceanglais a leagtar síos sna forálacha sin de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a bhaineann le stádas oifigiúil saor ó ghalair Ballstáit nó creasa de nó a bhfuil clár díothaithe á dhéanamh aige maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), scoirfidh siad d'fheidhm a bheith acu ón 15 Iúil 2026. Dá réir sin, ba cheart Iarscríbhinn II, Cuid 5, Caibidil II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a leasú trí na tagairtí do stádas saor ó ghalair agus do chlár díothaithe an ghalair sin a scriosadh.

(6) Le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe den fhine *Camelidae* agus den fhine *Cervidae* go dtí na Ballstáit eile, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24). Ba cheart na ceanglais sin a ailíniú leis na ceanglais maidir le bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair ar ainmhithe bronntacha iad a leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, agus in Iarscríbhinn II, Cuid 5, Caibidil II, a ghabhann leis an Rialachán sin, arna leasú leis an Rialachán Tarmligthe seo.

(7) Le hIarscríbhinn II, Cuid 4 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 leagtar síos ceanglais bhreise maidir le sláinte ainmhithe le haghaidh each-ainmhithe bronntacha. I gcomhréir le pointe 1(a)(iii) de Chaibidil I agus pointe 2(c) de Chaibidil II de Chuid 4 den Iarscríbhinn sin, ní mór each-ainmhithe bronntacha a chur faoi thástáil le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*). I gcomhréir le Lámhleabhar WOAH um Thástálacha Diagnóiseacha agus um Vacsaíní Ainmhithe Talún, Caibidil 3.6.2 maidir le Meitríteas Tógálach Eachaí (leagan Bealtaine 2022), le haghaidh tástáil um Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (PCR), ní cheanglaítear modh iompair a úsáid chun maipíní a iompar chuig an tsaotharlann agus tá na maipíní sin le tástáil tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis na samplála. Dá bhrí sin, ba cheart Cuid 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a leasú tríd an oibleagáid a scriosadh maidir le meán iompair a úsáid ón modheolaíocht le haghaidh tástáil PCR le haghaidh meitríteas tógálach eachaí (*Taylorella equigenitalis*).

(8) Le hIarscríbhinn II, Cuid 5, Caibidlí II agus III, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, leagtar síos ceanglais a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh. Ba cheart na ceanglais maidir leis na galair sin a leasú agus athchatagóiriú an ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ó ghalar chatagóir C+D+E go galar D+E san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 á chur san áireamh.

(9) Ós rud é go bhfuil feidhm ón 15 Iúil 2026 ar aghaidh ag na leasuithe arna ndéanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/169 a mhéid a bhaineann le hathchatagóiriú an ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) mar ghalar chatagóir D+E, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán Tarmligthe seo ón dáta sin ar aghaidh freisin.

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d)(ii):

'(ii) gur coimeádadh iad i mbunaíochtaí nár tuairiscíodh aon ghalar chatagóir D iontu atá ábhartha do na hainmhithe sin, seachas ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) ar lá bailithe an tseamhain, na n-úicítí nó na suthanna, níor léirigh siad aon siomptóm ná aon chomhartha cliniciúil d'aon cheann díobh seo a leanas:

(i) na galair chatagóir D dá dtagraítear i bpointe (d)(ii);

(ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);

(iii) ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;

(iv) na galair atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/429;';

(2) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ar lá a gceadaithe isteach sa lárionad bailithe seamhain, nár léirigh siad aon siomptóm ná aon chomhartha cliniciúil d'aon cheann díobh seo a leanas:

(i) na galair chatagóir D dá dtagraítear in Airteagal 16, pointe (d)(ii);

(ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);

(iii) ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;

(iv) na galair atá ag teacht chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/429;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(i):

'(i) nár tuairiscíodh aon cheann de na galair chatagóir D is ábhartha do na bó-ainmhithe, na muc-ainmhithe, na hainmhithe den chineál caorach nó na hainmhithe den chineál gabhair, seachas ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, ar feadh thréimhse 30 lá ar a laghad roimhe sin;';

(c) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (c)(i):

'(i) le linn tréimhse ina gcuimsítear 30 lá ar a laghad roimh dháta an bhailithe agus 30 lá ar a laghad tar éis dháta bailithe an tseamhain nó, i gcás seamhan úr, go dtí dáta seolta na coinsíneachta seamhain, nár tuairiscíodh aon cheann de na galair chatagóir D is ábhartha do

bhó-ainmhithe, do mhuc-ainmhithe, d'ainmhithe den chineál caorach, d'ainmhithe den chineál gabhair ná d'each-ainmhithe, seachas ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ná ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;';

(3) leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) scriostar pointe (g);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

'(k) go gcomhlíonann siad na ceanglais sláinte ainmhithe a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a leagtar síos i gCaibidlí II agus III de Chuid 5 d'Iarscríbhinn II;';

(4) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*